Caiġdean Gaeilge Múinteoirí i mBaol

Tá baol an ṁór roiṁ caiġdeán Gaeilge múinteoirí insan am atá le teaċt. Ḃí ḟios ag luċt na Gaeilge sin le tamall. Tá sé a' teaċt amaċ go h-oscailte anois, i níos mó ná aicme aṁáin, agus fiú aṁáin in iris-leaḃar na múinteoirí náisiúnta, adṁaíotar é.

Ag cur-síos ar imeaċt an Aṫar Ó hEigeartaiġ, Coláiste Ṗádraig, Drumconnraċ, noċtaíotar é seo insan eagrán láiṫreaċ don "Múinteoir Náisiúnta." Seo mar adeir an Eagarṫóir:

"Agus do réir dearaiṁ, tá daoine naċ fuil sásta ċeana féin leis an dearcaḋ amaċ atá ag a lán de na micléinn sa Ċoláiste ar an gceist seo. Ḃí focla crua le rá ag cuid acu féin san eagrán deireanaċ de 'Dóċas'. Agus dá olcas an scéal i mbliana, creideann siad gur in olcas fós a ḃéas sé ag dul feasta, nuair atá deireaḋ le luċt na gColáistí Ullṁúċáin."

Cibé fá na coláistí ullṁúċáin, ċoinniġ siad sruṫ leanúnaċ de ḋaoine a ḃí ina gcainteoirí dúċais is mó a raiḃ an Ġaeilg acu ċom maiṫ le cainteoirí dúċais, ag dul isteaċ ins na coláistí oiliúna.

Tá deireaḋ leis an sruṫ sin anois, agus tá deireaḋ leis an mór-uiṁir ón Ġaeltaċt ċom maiṫ. Tá a ṫoraḋ sin ċeana le feiceáil i gColáiste Ṗádraig, ⁊ ċom fada agus is féidir tuairim a ḋéanaṁ, is ag éirí níos measa a ḃéas an scéal.

Ní raiḃ aċ seans aṁáin ann go gcoiméadfaí caiġdeán ċom hard in béal-scrúdú na h-ard-teistim-éireaċta, agus go mbéifí cinnte go mbeaḋ dóṫain Gaeilge ag na h-iarratóirí a ḃeaḋ ag dul isteaċ. Níl an cinnteaċt sin ann feasta, agus is measa de an ċuma atá ar cúrsaí na gColáistí Oiliúna insan am atá le teaċt.

Coláistí Gaeilge Cúige Ulaḋ

Ḃí cruinniú i mBéal Feirste, deireaḋ na seaċtaine seo caite le có-coiste Ċoláistí Gaeilge Ċúige Ulaḋ. Pléiḋ cúrsaí na bliana seo, ins na coláistí agus dóiġeanna le feaḃas a ċur ar ċúrsaí na gColáiste agus ar ċaiġdeán na Gaeilge agus eile, ionta.

Ar an ṗríoṁ rud a pléiḋ ḃí cúrsaí airgid agus deontas na Roinne. Tá an bunús céanna le deontas atá dá ḟáil ag na Coláistí Gaeilge, ó 1948. An uair sin, ḃí sé ceangailte le meán-ċostas teagaisc ins na scoltaċa gairm-oideaċais. San am i láṫair, níl ceangal ar biṫ idir é agus an costas seo. Déanta na fírinne, níl ceangal aige le rud ar biṫ, mar tá méadú faoi ḋó tagaiṫe ar tuarastáil do gaċ sagas ó ṡin, gan aon ardú insan deontas. Cuir na Coláistí toscaireaċt ċuig an Roinn ina ṫaoḃ féaċaint le deontas a ḃéas ceangailte le riaċtanaisí saol an lae inniu a ḟáil do na coláistí, má tá siad le leanúint lena gcuid oibre.

Cloiċeannaola

D'éiriġ go hiontaċ ar fad le Cumann Slat Iascaireaċta Farraige Fálċarraiġ i mbliana, an ċéad ḃliain taréis a gcur ar bun. Ḃíonn siad ag iascaireaċt idir Corrán Binne agus Béal Toraiġ agus ċruṫaiġ siad sa tséasúr aṁáin gur seo ceann de na réagúin farraige is fearr fá ċoinne slat iascaireaċt. Sa dá seaċtaine deiriḋ tóg luċt an ċumainn beagnaċ dá ṫonna éisc.

Ag freagairt ceiste ó Séamas Mac Ruairí dúirt an Rúnaí Condae go ḃfuilṫear ag súil go mbeaḋ na páipéir críoċnaiṫe le bealaċ mór ó'n Fálċarraċ go dtí na tiṫe ag Buillinn a ġlacaḋ ar láiṁ mar bóṫar poiblí.

Carraig Airt

Tá fáilte ṁór anseo roiṁ an Aṫair Eoġan Ó Colm, S.C., a ṫáinig ċugainn ó treasna an uisce i gCeann Droma i ḃFánaid. Roiṁe sin ċaiṫ sé seal mar sagart congánta i nGleann Finne agus i dToraiġ. Tá fáilte ar leiṫ roiṁ an Aṫair Colm toisc gur cainteoir dúċais é dala an Aṫair Mac Suiḃne a ḃí anseo roiṁe agus atá anois ag teagasc sa Ċoláiste. As Cloiċeannaola don Aṫair Ó Colm.

Máirín Bean Uí Ċaḋain

Cúis bróin do gaċ cara don Ġaeltaċt, an scéala gur éag Máirín Bean Uí Ċaḋain, i mBaile Áṫa Cliaṫ. Bean Ṁáirtín Uí Ċaḋain ab ea í, agus níl duine sa tír níos dílse don Ġaeltaċt, ná níos mó ar son pobal na Gaeltaċta, ná Máirtín.

Is trua linn a ḃris, agus beiḋ Gaeilgeoirí i ngaċ áit, ag guí solus na ḃflaiṫeas do anam a ṁná dílse.

Múinteoir náisiúnta ab ea Máirín Bean Uí Ċaḋain, a ḃí ag teagasc i roinnt ṁaiṫ scoltaċa i gCo. na Gaillime. I gCaḃán a rugaḋ í, agus ċuaiġ sí ar cúrsa Gaeilge go Co. na Gaillime sa ḃliain 1931 — go dtí an Ceaṫrú Rua. Ba ansin a casaḋ Máirtín Ó Caḋain uirṫi, don ċéad uair. An t-am sin, ḃí Máirtín ag teagasc i scoil náisiúnta Ċamuis. I 1933 ċuaiġ sí ag teagasc i bParáiste an Ċloċáin, agus na ḋéiḋ sin ag Baile Ċláir na Gaillime.

Ḟad agus ḃí sí i nGaillim agus na ḋéiḋ sin i mBaile Áṫa Cliaṫ, ḃí baint gníoṁaċ ag Bean Uí Ċaḋain, leis an gluaiseaċt Poblaċta. Pós sí Máirtín Ó Caḋain nuair a ligeaḋ amaċ as Campa Géibinn an Ċurraiġ é in 1945. Ḃí sí ag teagasc i Scoil Lorcáin, an scoil Gaelaċ ag Carraig Duḃ, Baile Áṫa Cliaṫ, agus ḃí árd ċliú uirṫi anseo, mar múinteoir a raiḃ caoi íontaċ ar fad aici le páistí óga.

Ċuaiġ an soċraid go reilig Mount Jerome, taréis Aifreann Solúnta na Marḃ, ag Séipéal na dTrí Patrún, Raṫgearr, áit a raiḃ mórán dá seanċomrádaiṫe i ngluaiseaċt na Poblaċta, ċom maiṫ le aiṫreaċa agus máiṫreaċa na bpáistí ó Scoil Lorcáin, agus cruinniú mór do luċt na Gaeilge agus de ṁuintir na Gaillime i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ḃí an ċónra faoi Ḃrat na hÉireann.

Corca Duiḃne

Tá ana éileaṁ ar fad ar cuid bádaí Ḃord Iascaiġ Ṁara. Go háirid na bádaí 23 troiġ. Tá éileaṁ an ṁór ar an sagas seo bádaí ar ċósta an Iarṫar ar fad do iascaireaċt na ngliomaċ agus fiú tá cuid acu á ċeannaċ mar bádaí pleisiúra ag tiṫe ósta ⁊ tiṫe aíoċta ar an Ċósta Ṫiar.

Gan aṁras, tá ana ṡeans ar fad don foraoiseaċt i gCorca Duiḃne. Is leor ċoṁ maiṫ atá na crainn ag dul ar aġaiḋ ag Baile Muiriġ. Tá oċtó acra faoi foraoiseaċta san am i láṫair is go ḃfuil na crainnte glasa ag fás níos tapúla ná mar atá in áit ar biṫ eile ins an Eoraip. Deirtear go ḃfuil pleananna ag an Roinn Talṁaíoċta. Rannóg na Foraoiseaċta, fá ċoinne i ḃfad níos mó planḋáil a ḋéanaṁ i gCorca Duiḃne ins na blianta roṁainn.

Lé déanaí d'éag Gearóid Ó Riail, An Daingean, ag Ospidéal i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ḃí sé ina Stát-Ṡeirḃíseaċ ins an Roinn Cosanta. Ċuaiṫ an socrair go dtí reiliġ Cnoc Jerome i mBaile Áṫa Cliaṫ. Ḃí slua mór de ḋaoine as Corca Duiḃne atá ina gcónaí i mBaile Áṫa Cliaṫ ar an tsocraid. Deintear coṁḃrón lena ḋeartáir, Tomás Ó Riail, agus a ḋeirfiúr. Bean Uí Gearáilt, Corcaiġ.

Ḃí ana ḋroċ aimsir ar feaḋ na seaċtaine seo caite agus báisteaċ ana ṫrom ar fad. Ḋein tuillteaċa in áiteaċa den báistí.

Uíḃ Ráṫaċ

Tá imirce trom go maiṫ as Uíḃ Ráṫaċ le tamall anuas agus tá na hoibriṫeoirí séasúraċ taréis imeaċt ṫiġ an beet i Sasain. Ḃí sin le feiscint ar na foirne peile ag Ċiarraí Ṫeas i bPáirc Ċonċúir Uí Céitinn Dé Doṁnaiġ agus ar na foirne ó Caṫair Saiḋbín, Naoṁ Muire agus Port Mag Aoiḋ, Sceilg.

Lé déanaí in Ospidéal Naoṁ Áine i gCaṫair Saiḋbín, d'éag Brid Bean Uí Ċéilleaċar, céile dílis Proinsias Ó Céilleaċar. Ḃí aiṫne uirṫi féin agus a ṁuintir frid Ċiarraí Ṫeas agus ḃí socraid an ṁór leiṫe go Caol Ḃearnóg.

Le déanaí leis d'éag Seán Ó Corcorán in Ospidéal Naoṁ Áine. Ḃí cáil air mar fear báid agus luaṫaire. Ċuaiġ socraid an ṁór ar fad leis agus go roiliġ Caol na Ḃearnóg.

Trí Tairiscintí

D'ḟiafraiġ Pádraig Ó Doṁnaill, T.D., sa Dáil don Aire Tailte an nós é ag an Roinn trí ṫairiscint a ḋéanaṁ do ṫalaṁ le haġaiḋ foraoiseaċta sul a gceannuíonn siad é, naċ raiḃ seo ag ċur moill ar ceannaċ na talaṁ. Dúirt an tUasal Ó Móráin go raiḃ an talaṁ le ċeannaċ ar an ṁargaḋ ḟoscailte, go gcaiṫfeaḋ margaḋ a ḃeiṫ ann agus go gcaiṫfeaḋ an Roinn a ḃeiṫ saor le rud éicint eile a ḋéanaṁ muna nglactaí leis an tairiscint. Ní raiḃ uiṁir ar biṫ tairiscintí socar ag an Roinn le déanaṁ. Ḋéanfaí aṫ-ḃreiṫniú ar cás ar biṫ de réir mar ba gnáṫaċ.

Ag freagairt ceiste eile ó'n tUasal Ó Doṁnaill, dúirt an tAire naċ ġnáċ leis an Roinn oibríṫeoirí a glacaḋ arais, is go raiḃ seo ag caḃrú le obair cinnte a ṫaḃairt do na daoine a ḟanann ag obair don Rannóg Talṁaíoċta. B'é seo mar a ḃí ag foraoisí aiṫrid i nDún na nGall.

D'ḟéadfaí aṫ-ḃreiṫniú a ḋéanaṁ ar seo dá mbeaḋ níos mó oibre le fáil san am atá le teaċt agus níos mó talaṁ le fáil fá ċoinne foraoiseaċta ċoṁ maiṫ.

Idir Dá Linn

Smaointe Fánaċa ó Risteárd Ó Glaisne

Mo lom, bhí an ceart agam faoi "Talking About Yeats." Chuir Mac Liammóir draíocht orainn san Stadsteater i Stockholm le "I Must Be Talking to My Friends" — meascán bródúil d e n ghreann, den ghaois agus den deisbhéalaí, iarracht ar spiorad agus stair na hEireann a chur in iúl tríd an chaint.

"An bhfuil a bhrí á bhaint agat as?" arsa mise le bean Shualannach i gcaitheamh na hidirlinne.

"Tá sin," ar sise. "Tá antaitneamh á bhaint agam as.'

Ach bhí an dara leath, ina bhfuair muid blogh mór as "Talking About Yeats", tur go leor go dtí gur thosaigh Micheál ag insint scéalta beaga as cuimhní a bhí aige féin ar an fhile — ina measc, cúpla scéal nár inis sé i mBaile Atha Cliath.

— — — —

Aon duine a bhfuil eolas réasúnta maith aige ar shaol agus ar shaothar Mhic Liammóir, is eol dó gurb é Micheál féin a gabh an leagan Gaeilge dá ainm chuige, go raibh thráth ann fadó a dtugtaí "Michael Wilmore" air, agus nach é sin amháin é ach gur "Micheál Mac **Liammhóir**" an leagan a bhíodh aige ar tús. B'aisteach liom i gcónaí an t-athrú. Cúpla lá ó shin chuir mé ceist air faoi.

"'Mac Liammhóir' an ceart, ar ndóigh," ar seisean, "ach bhí sin ró-dheacair ar a lán daoine: ní thiocfadh leo é a rá. Sin an t-aon údar a bhí agam lena athrú. Ba é an scéal céanna ag Pavlova é, tá's agat" — agus dúirt sé liom an t-ainm a bhí air an imrinceoir cháiliúil ó cheart: Pavlova agus eireaball beag air.

— — — —

Fear atá fós faoi bhun daichead bliain d'aois R. B. Henderson, Stiúrthóir Bainistí Ulster Television, déarfainn. Bhí sé i gColáiste na Tríonóide nuair a bhí mé féin ann. Ag gabháil don stair a bhí sé, agus luí áirithe aige leis an phoblachtas, mar smaoineamh acadúil ar a laghad, an t-am sin. Ar éigean atá mórán de sin fanta anois ann, is dócha.

Thug sé deich mbliana ag obair ar pháipéar a mhuintire, an "Belfast News-Letter", a bunaíodh san bhliain 1737 ("an nuachtán is sin sna hoileáin seo", mar a deir sé) sular chuaigh sé anonn go dtí Ulster Television.

I gcaint a rinne sé i London, Shasana, ceithre mhí ó shin dúirt sé rud amháin ar chuir mé spéis ann. Labhair sé ar fhás mhór na Telefíse Neamhspleáí i rith beagnach deich mbliana — agus gan an pobal a bheith pinginn níos boichte dá bharr, ar seisean.

"Go deimhin," deir sé, "cruthaíodh glan amach gur moille a ardaíodh praghasanna earraí mhórán grúpaí a dhéanann fógraíocht ar an teilifís ná praghasanna i dtionscail nach n-úsáideann an teilifís . . . Coinníonn an fhógraíocht praghasanna íseal, agus an-ghríosadh do na déantúsóirí is ea an choimhlint a spreagann an fhógraíocht."

Ar ndóigh, tá an scéal níos casta ná sin. Uaireanta cuireann fógraíocht daoine ag ceannach rudaí nach bhfuil mórán tairbhe iontu. Ina cheann sin, caithfidh duine éigin íoc as an fhógraíocht—agus ní hé an déantúsóir amháin a íocann. Mar sin féin, tá dealramh áirithe lena ndúirt mo dhuine.

— — — —

Litreacha ó chairde in Eirinn. Tagairtí iontu don Fhéile Amharclainne i mBaile Atha Cliath.

Duine amháin: "Sa chéad sheachtain ní raibh ach dhá léiriú a fuair moladh ó na léirmheastóirí — 'Galileo' Bhrecht sa Mhainistir agus dráma an Damer . . . Tá substaint i 'Bior' le Diarmuid O Súilleabháin, agus tá áthas orm gur aithin na léirmheastóirí sin. Misneoidh an méid sin é chun tuilleadh drámaí a scríobh. Agus ba mhaith sin, mar is scríbhneoir go smior é, sílim."

Duine a bhí ag smaoineamh ar dhul chun "Bior" a fheiceáil san Damer i dteannta chara Aoine na chéad seachtaine úd: "Ghlaodhas ar Ghael-Linn ar an gCéadaoin — bhí sé díolta amach don tseachtain ar fad. (Is dócha go mba chóir go mbeimís ana-shásta faoi sin —is baol liom nach raibh)." Ach bhí sé ráite go mbeadh sé ar ais. "Tá sé faighte amach agam gur mar sin bhíonn sé gach bliain—rud ar bith go bhfuil fiúntas ann, leanann sé ar aghaidh nó tagann sé ar ais."

Carraig

Fóṁair coṁ holc agus ḃí le cuiṁne na ndaoine, adeir na feirmeoirí anseo. Tá féar agus coirce uiliġ istiġ fá ḋeire aċ ṫoire reaṫa á rinneaḋ é. Tá sé daċad blian ó ḃioṫas coṁ mall le hobair an ḟóṁair.

Tá baint na bpréataí faoi lán tseol fá láṫair. Ba ġnáċ na préataí a ḃeiṫ bainte roiṁ oíċe Ṡaṁna aċ tá sé i ḃfad níos moillte i mbliana. Tá na préataí iontaċ maiṫ.

Ag cruinniú Ḃantraċt na Tuaiṫe i nGleann Colmcille, socraíoḋ clár oibre don ġeiṁreaḋ. Máire Bean Uí Ċuinneagain, Caiseal, rúnaí na Bantraċta.

£14,000,000

£14 milliún na honnṁuraiṫe ó Saor Aerfort na Sionainne sa ḃlian 1964 de réir tuarascáil bliantúil Córas Tráċtála aċ ní féidir teaċt ar aon ḟigiúr fá ċoinne na hallṁuiriṫe isteaċ go dtí Saor Aerfort na Sionainne a hinnsíoḋ don Uasal Ó Diolúin nuair a ċuir sé ceist faoi ins an Dáil.

Forbairt an Iarṫair

I léaċt a ṫug sé do Cumann Céimiṫe na hÉireann, ag Óstán Banba, i nGaillim, ṫug Gearóid Ó Sculaiġ, M.Comm., plean ceiṫre pointe fá ċoinne forbairt an Iarṫair.

Dúirt sé go gcaiṫfí réagúnú a ḋéanaṁ ar an clár fá ċoinne leaṫnú eacnamiciúil.

1, Dí-lárú iomlán.
2, Cánaċa grádaiṫe do na réagúin, agus
3, Insteallú capital ón taoḃ amuiġ den ċeantar.
4, Capital iasaċta.

Cánaċa

Sampla maiṫ den dóiġ a cuidíonn luċt ólaċáin agus luċt caiṫeaṁ toitíní le cánaċa na tíre a íoc. Ar gloine de uisce beaṫa na hÉireann tá cáin de 2s. 3d., gloine de uisce beaṫa na hAlban 2s. 7d. Ar an pionta leanna tá cáin de 9d. Ar bosca fiċe toitíní tá cáin 3s. agus ar únsa tobac cruaiḋ tá cáin 2s.